**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0378/2023**

29.11.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

maidir le togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach (COM(2023)0359 – C9-0213/2023 – 2023/0207(COD))

An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Paolo Borchia

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**


DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................... 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................................................................... 25

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR .............................................................................................................. 27

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .................................................... 28

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ........ 29

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir le togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach**
**(COM(2023)0359 – C9-0213/2023 – 2023/0207(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0359),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2), d'Airteagal 185 agus d'Airteagal 188(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra don Pharlaimint (C9-0213/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Meán Fómhair 2023,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

* Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌.

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

2023/0207 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 185 agus an dara mír d'Airteagal 188 de,

ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

de bharr an mhéid seo a leanas:

***(-1)*** ***Is uirlis rathúil í an Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh sa taighde agus sa nuálaíocht, go háirithe maidir le córais taighde agus nuálaíochta na dtíortha rannpháirteacha a bhfuil ábharthacht straitéiseach ag baint leo chun leasa an Aontais agus, i gcomhréir le teachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2021 maidir leis an 'Global Gateway', a bhfuil tionscadail um dhearadh inbhuanaithe ar ardcháilíocht de dhíth go géar orthu, agus a chuirtear chun feidhme le leibhéil arda trédhearcachta agus caighdeán.***

***(-1a)*** ***I dteachtaireacht uaidh an 18 Bealtaine 2021 dar teideal 'Cur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta: Straitéis na hEorpa don chomhar idirnáisiúnta i saol athraitheach', gheall an Coimisiún go neartódh sé ról ceannasach an Aontais maidir le tacú le comhpháirtíochtaí iltaobhacha taighde agus nuálaíochta chun réitigh nua ar dhúshláin ghlasa, dhigiteacha, sláinte, shóisialta agus nuálaíochta a sholáthar.***

---

[1] Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le 'Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát' (COM(2016) 662 final — 2016/0325 (COD), C 125, 21.4.2017, lch. 80.

*(-1b) I dteachtaireacht uaidh an 7 Meitheamh 2016 maidir le Creat Comhpháirtíochta nua a bhunú le tríú tíortha faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce, leag an Coimisiún béim ar an ngá go ndéanfadh gach beartas, lena n-áirítear beartais taighde agus nuálaíochta, aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce trí shamhail nua comhair ina mbeadh infheisteoirí príobháideacha páirteach, chomh maith leis an ngá atá le díriú ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ar bhonneagar inbhuanaithe. Tá ról na heolaíochta agus na teicneolaíochta ag éirí níos tábhachtaí sa tírdhreach geopholaitiúil agus is féidir léi tacú le hiarrachtaí taidhleoireachta ar go leor bealaí, lena n-áirítear luachanna Eorpacha a chur chun cinn agus a chosaint amhail an tsaoirse acadúil, eitic an taighde, an tsláine agus an comhionannas inscne. Ba cheart do PRIMA féachaint le feidhmiú mar shamhail réigiúnach don taidhleoireacht eolaíochta agus ba cheart dó caidreamh a chothú freisin le tíortha na Meánmhara nach bhfuil rannpháirteach in PRIMA go fóill.*

*(-1c) Tá raon feidhme téamach PRIMA, eadhon córais agraibhia agus forálacha uisce comhtháite agus bainistiú uisce i limistéar na Meánmhara, ag éirí níos tráthúlaí i gcónaí. Léiríonn taighde go gcuireann ganntanas uisce go mór leis an méadú atá ag teacht ar an imirce dhomhanda. Bíonn tionchar tubaisteach ag an athrú aeráide agus ag tubaistí nádúrtha gaolmhara ar tháirgeadh talmhaíochta. Dá bhrí sin, tá tábhacht ag baint le bearta coisctheacha agus oiriúnaithe, amhail teicneolaíochtaí díshalannaithe cost-éifeachtúla a fhorbairt, cosaint fíteashláintíochta speiceas plandaí, amhail crainn olóige, agus an méadú ar lamháltas plandaí do strusairí comhshaoil, toisc go mbeidís ina straitéisí oiriúnaithe éifeachtúla chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Ina theannta sin, de réir an 6ú Tuarascáil Mheasúnachta ó Mheitheal II den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, meastar go mbeidh éiceachórais na Meánmhara ar na héiceachórais is mó a bheidh thíos leis na hiarmhairtí a bhaineann le teacht chun cinn an athraithe aeráide. Rannchuidíonn PRIMA freisin le tacú leis an réigiún a bheith ina cheannaire i réitigh atá athléimneach ó thaobh na haeráide de.*

*(-1d) Ba cheart aon fhorluí féideartha idir PRIMA agus tionscadail taighde agus nuálaíochta eile a dhéantar faoin gclár Fís Eorpach nó faoi ionstraimí eile de chuid an Aontais, amhail an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI), a sheachaint, agus ba cheart do PRIMA sineirgí agus comhlántachtaí a lorg agus a chur chun cinn go gníomhach le comhpháirtíochtaí réigiúnacha, Eorpacha agus idirnáisiúnta eile, agus le cláir taighde chomhoibríocha eile a bhfuil cuspóirí coiteanna agus gníomhaíochtaí comhfhreagracha acu.*

*(-1e) Is cúis imní é an toradh ón Meastóireacht Eatramhach ar an gComhpháirtíocht um Thaighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) nach bhfuair Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas ach 28 % de na cistí iomlána arna leithdháileadh faoin gClár faoi mhí an Mhárta 2022. Tá sé ríthábhachtach go dtacóidh PRIMA le raon gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear fothú acmhainneachta, oiliúint agus sineirgí idir tionscadail aonair chun cothú a dhéanamh ar thógáil pobal a mhaireann níos faide, comhar Theas-Theas agus ráta ionsúcháin Stáit Rannpháirteacha na Meánmhara Theas a mhéadú.*

(1) Glacadh Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] faoin gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht a bhí ann roimhe seo, is é sin Fís 2020, le haghaidh na tréimhse suas leis an 31 Nollaig 2028.

(2) I gcomhréir le bunghníomh PRIMA, seolfar na glaonna deiridh ar thograí faoin gclár oibre bliantúil ábhartha in 2024 agus cuirfear bailchríoch ar na gníomhaíochtaí indíreacha taighde agus nuálaíochta uile faoi 2028.

(3) Na Ballstáit atá rannpháirteach in PRIMA, dhearbhaigh siad go bhfuil sé ar intinn acu leanúint dá dtionscnamh comhpháirteach tar éis 2024 agus d'iarr siad go leanfadh an tAontas de bheith rannpháirteach sa chreat institiúideach céanna d'Airteagal 185 ***den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh***.

***(3a) Is é struchtúr cur chun feidhme PRIMA (PRIMA-IS), a bunaíodh in Barcelona, a chuireann Clár PRIMA chun feidhme. Ós rud é go bhfuil PRIMA ar cheann de na forbairtí is déanaí ar an gComhpháirtíocht Eora-Mheánmhara, ar a dtugtar Próiseas Barcelona freisin, a bunaíodh in 1995 agus é mar aidhm leis cobhsaíocht, rathúnas agus idirphlé a chothú i gComharsanacht an Deiscirt, bhí ról lárnach ag an gComhpháirtíocht sin maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht PRIMA.***

(4) Ós rud é go bhfuil réasúnaíocht agus cuspóirí tosaigh chomhpháirtíocht PRIMA fós bailí***, go háirithe ós rud é go bhfuil margaí talmhaíochta na Meánmhara Theas, a bhí leochaileach cheana féin, díchobhsaithe tuilleadh de dheasca mhór-ionradh na Rúise ar an Úcráin, rud a fhágann go bhfuil an t-aistriú chuig córais bia inbhuanaithe ina thosaíocht níos práinne fós do shocaithe na Meánmhara,*** agus gur thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil mheastóireachta eatramhach[3] gur ionstraim rathúil é PRIMA ag a bhfuil breisluach don Aontas, ba cheart don Aontas leanúint de thacaíocht airgeadais a sholáthar chun go mbeidh PRIMA in ann gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a chistiú faoin raon feidhme téamach céanna go dtí 2027, agus an ionstraim sin a shioncrónú le creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) an Aontais agus le timthriallta clársceidealaithe na gclár taighde agus nuálaíochta atá ailínithe le CAI. Thairis sin, ba cheart síneadh a chur le fad foriomlán PRIMA go dtí 2031 chun go bhféadfar na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta dá dtugtar tacaíocht a chur chun feidhme ina n-iomláine.

***(4a) Le meastóireachtaí a dhéanfar amach anseo ar PRIMA, ba cheart go gcumhdófaí freisin leathnú raon feidhme chuspóirí na comhpháirtíochta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2017/1324, agus méadú comhfhreagrach ar an leithdháileadh airgeadais chuig PRIMA á chur san áireamh freisin. Go háirithe, ba cheart go gcuimseodh an síneadh taighde agus nuálaíocht a bhaineann le fuinneamh agus taighde agus nuálaíocht a bhaineann leis an aeráid, agus tionchar na bpunann nua ar acmhainní príomhúla eile (eadhon uisce, talamh agus talmhaíocht) á chur san áireamh. Chruthódh sé sin deiseanna do réimsí taighde nach dtugtar aghaidh orthu faoi láthair agus chuirfí iarratais chun cinn in earnálacha eile. Go háirithe, is féidir le cur chuige maidir le nasc idir uisce, fuinneamh agus bia cabhrú le cinnteoirí tuiscint a fháil ar an gcóras casta fuinnimh sin agus saineolas teicniúil agus rialachas fónta a chomhtháthú i bpleanáil acmhainní.***

---

[2] Cinneadh (AE) 2017/1324 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát, (IO L 185, 18.7.2017, lch. 1).

[3] COM(2023) 285final

(5) Ba cheart tacaíocht airgeadais leanúnach an Aontais do PRIMA a theacht ó bhuiséad ginearálta an Aontais a leithdháiltear ar an gClár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach, a bunaíodh le Cinneadh 2021/764 ón gComhairle[4], agus go háirithe ó Cholún II 'Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach', agus ón mbraisle théamach ábhartha (vi) 'Bia, an Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, an Talmhaíocht agus an Comhshaol'.

***(5a) Is gá athruithe a dhéanamh ar bhainistiú chlár PRIMA. Leis an Meastóireacht Eatramhach ar an gComhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA), nochtar go bhfuil acmhainneacht ann chun feabhsú a dhéanamh. Tá an ráta rathúlachta i Roinn 1 chomh híseal sin go bhféadfadh sé iarratasóirí ionchasacha a dhíspreagadh amach anseo. Ba cheart do PRIMA-IS agus do na Stáit Rannpháirteacha iarrachtaí breise a dhéanamh chun éifeachtúlacht a gcuid gníomhaíochtaí a fheabhsú trí shimpliú a dhéanamh ar an gcastacht a bhaineann le scéimeanna cistiúcháin náisiúnta éagsúla, nósanna imeachta náisiúnta riaracháin a chuíchóiriú, an t-am chun deontais a dheonú a laghdú agus feabhas a chur ar inrochtaineacht ar chistiú taighde agus nuálaíochta.***

(6) Cistítear PRIMA faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Chun go leanfar de PRIMA ó 2025 ar aghaidh, ba cheart é a chistiú agus a oibriú faoi Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2017/1324 a ailíniú le ceanglais Rialachán (AE) 2021/695 agus Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7].

(7) Ba cheart Cinneadh (AE) 2017/1324 a ailíniú le cuspóirí agus tosaíochtaí taighde agus nuálaíochta an chláir Fís Eorpach agus leis na prionsabail agus na coinníollacha ginearálta a leagtar síos in Airteagal 10, agus in Iarscríbhinn III agus in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/695. Dá bhrí sin, is gá go mbeadh 40 % ar a laghad de na Ballstáit rannpháirteach i gcomhpháirtíocht leathnaithe PRIMA. Thairis sin, ba cheart do chomhpháirtíocht PRIMA oibriú i gceann de na réimsí tosaíochta le haghaidh comhpháirtíochtaí Eorpacha institiúidithe, agus ba cheart do na Stáit Rannpháirteacha uile a ngealltanas fadtéarmach airgeadais a chur in iúl. Tá na coinníollacha sin

---

[4] Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO L 167I, 12.5.2021, lch. 1).

[5] Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear Fís 2020 – An Clár Réime um Thaighde agus Nuálaíocht (2014-2020), agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1982/2006/CE Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 347, 20.12.2013, lch. 104)

[6] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha do rannpháirtíocht agus do scaipeadh, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1)

[7] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

comhlíonta cheana féin toisc gurb é 41 % ráta rannpháirtíochta na mBallstát atá ann faoi láthair, tá comhpháirtíocht PRIMA oiriúnach don réimse tosaíochta Réimse Comhpháirtíochta 5: 'Réitigh bhithbhunaithe atá inbhuanaithe, cuimsitheach agus ciorclach' d'Iarscríbhinn VI, agus dhearbhaigh na Stáit Rannpháirteacha a ngealltanais fhadtéarmacha airgeadais do chomhpháirtíocht PRIMA.

***(7a)*** ***Ba cheart do PRIMA oibriú ar bhealach simplí, lúfar, oscailte agus trédhearcach. Ba cheart do PRIMA-IS agus do na Stáit Rannpháirteacha iarrachtaí tiomnaithe a dhéanamh chun an t-idirphlé leis an tsochaí a neartú, chun rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh agus chun a áirithiú go mbeidh an pobal i gcoitinne ar an eolas go leordhóthanach agus go tráthúil faoina ngníomhaíochtaí. Chuige sin, ba cheart do PRIMA-IS straitéis cumarsáide iontaofa a bhunú chun malartú faisnéise, dea-chleachtas agus torthaí taighde a éascú, le rannpháirtíocht líonraí acadúla, eolaíochta agus eolais, comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, na meán, FBManna tionscail agus geallsealbhóirí eile.***

(8) Ba cheart do ranníocaíocht airgeadais an Aontais le Comhpháirtíocht PRIMA a bheith faoi réir gealltanas foirmiúil ó na Stáit Rannpháirteacha ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh ar leibhéal na ranníocaíochta ón Aontas ar a laghad. Ar an gcúis sin, ba cheart do struchtúr cur chun feidhme PRIMA (PRIMA-IS) dlúthfhaireachán a dhéanamh go tráthrialta ar chomhlíonadh na ngealltanas foirmiúil airgeadais.

(9) Chun cuspóirí PRIMA a bhaint amach, ba cheart ranníocaíocht chomhiomlán na Stát Rannpháirteach a bheith cothrom le ranníocaíocht an Aontais ar a laghad. Dá bhrí sin, ba cheart do na Stáit rannpháirteacha ranníocaíocht an Aontais faoin gclár Fís Eorpach a mheaitseáil i gcomhréir leis an bprionsabal a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/695. Chun a áirithiú go ndéanfar an prionsabal sin a choimirciú go hiomlán, níor cheart ach ranníocaíochtaí ó Stáit Rannpháirteacha a dhéanfar tar éis an 31 Nollaig 2024 a chur san áireamh.

(10) Chun a ngealltanas leanúnach do chuspóirí PRIMA arna gcistiú faoi Rialachán (AE) 2021/695 agus a ngealltanas d'oibleagáidí nua de bhun Rialachán (AE) 2021/695 agus Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a áirithiú, ba cheart don Ailgéir, don Éigipt, don Iordáin, don Liobáin agus do Mharacó glacadh go foirmiúil leis na téarmaí agus leis na coinníollacha nua a eascraíonn as an gcinneadh leasaitheach seo, trí chomhaontuithe a thabhairt i gcrích leis an Aontas, i bhfoirm malartú litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar na comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le comhar eolaíoch agus teicneolaíoch arna dtabhairt i gcrích leo. Níor cheart difear a dhéanamh leis sin dá rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí PRIMA arna gcistiú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013.

(11) Ba cheart ranníocaíocht fhoriomlán an Aontais a shocrú mar uasmhéid. Ba cheart é a bheith indéanta, i gcomhréir le hAirteagal 16(5) de Rialachán (AE) 2021/695, ranníocaíocht an Aontais ó Fhís Eorpach le PRIMA a mhéadú leis na ranníocaíochtaí sin ó thríú tíortha atá comhlachaithe le Fís Eorpach. Ba cheart é sin a bheith faoi réir an mhéid iomláin faoina méadófar ranníocaíocht an Aontais agus meaitseáil a dhéanamh ar a laghad leis an ranníocaíocht ó na Stáit Rannpháirteacha.

(12) Agus cuspóirí PRIMA á gcur san áireamh, ba cheart d'eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha nach Stáit Rannpháirteacha iad a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chistiú in ábhair glaonna sonracha dá bhforáiltear i gclár oibre bliantúil PRIMA. Ba cheart gach beart is iomchuí, lena n-áirítear bearta conarthacha, a dhéanamh chun leasanna

airgeadais an Aontais a chosaint. Chun na críche sin, ba cheart comhaontuithe eolaíochta agus teicneolaíochta le tríú tíortha ina bhfuil na heintitis sin bunaithe a thabhairt i gcrích.

(13) Cé gur cheart leanúint d'iniúchtaí *ex post* a dhéanamh ar chaiteachas ar ghníomhaíocht indíreach arna cistiú faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 i gcomhréir le forálacha ábhartha an Rialacháin sin, ba cheart iniúchadh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí indíreacha arna gcistiú faoin gclár Fís Eorpach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/695.

(14) Le Rialachán (AE) 2021/695, dírítear níos mó ar rochtain ag an gCoimisiún ar na torthaí agus ar fhaisnéis eile a bhaineann le gníomhaíochtaí chun na críche beartais nó cláir an Aontais a cheapadh agus a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu i gcás comhpháirtíochtaí Eorpacha institiúidithe. Dá bhrí sin, le PRIMA-IS, ba cheart a áirithiú go mbeidh rochtain ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis uile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí indíreacha a chistíonn sé, lena n-áirítear ranníocaíochtaí agus torthaí na dtairbhithe atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí indíreacha. Chun seasamh lena leas, ba cheart rochtain a bheith ag na Stáit Rannpháirteacha freisin ar fhaisnéis a bhaineann le tograí lena n-áirítear iarratasóirí atá bunaithe ina gcríocha. Ba cheart do na cearta rochtana sin na rialacha rúndachta is infheidhme a chomhlíonadh.

***Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar bhonn rialta ar chomhlíonadh na ngealltanas a thug na Stáit Rannpháirteacha agus, tar éis an mheasúnaithe sin, ba cheart é a údarú bearta iomchuí a dhéanamh, lena mbeidh Stáit Rannpháirteacha agus PRIMA-IS rannpháirteach de réir mar is gá, sula rachfar i muinín bearta lena ndéantar ranníocaíocht airgeadais an Aontais a fhoirceannadh, a laghdú nó a chur ar fionraí.***

(15) Chun síneadh a chur le PRIMA, is gá faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht seo i gcomhréir leis na forálacha a bhaineann le Fís Eorpach. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht eatramhach a dhéanamh ar PRIMA faoin 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí, agus meastóireacht deiridh a dhéanamh faoin 31 Nollaig 2031 ar a dhéanaí, agus ba cheart do na meastóireachtaí sin a bheith ina rannchuidiú leis na meastóireachtaí foriomlána eatramhacha agus deiridh ar Fhís Eorpach. Ba cheart measúnú a dhéanamh sna meastóireachtaí ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht PRIMA agus ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir lena chuspóirí a bhaint amach ***ar feadh a shaolré, monatóireacht agus faireachán a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht seo i gcomhréir le forálacha ábhartha an chláir Fís 2020 agus Fís Eorpach*.** Ba cheart don Choimisiún torthaí agus conclúidí na meastóireachtaí sin a fhoilsiú agus a scaipeadh. I gcomhréir le hAirteagal 10(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/695, ba cheart cur chuige soiléir saolré a bheith ag PRIMA, ba cheart é a bheith teoranta ó thaobh ama de agus ba cheart go n-áireofaí ann na coinníollacha chun deireadh a chur de réir a chéile leis an gcistiú faoin gclár Fís Eorpach.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2017/1324 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Glacfaidh an tAontas páirt sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus

Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara ('PRIMA'), comhpháirtíocht Eorpach institiúidithe dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], arna déanamh go comhpháirteach ag an gCróit, an Chipir, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, Iosrael, an Iodáil, Lucsamburg, Málta, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn, an Túinéis agus an Tuirc ('Stáit Rannpháirteacha'), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh seo agus ar fhógra a thabhairt faoina rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí PRIMA trí litir ghealltanais a shíniú.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Leanfaidh an Ailgéir, an Éigipt, an Iordáin, an Liobáin agus Maracó de bheith ina Stáit Rannpháirteacha chun críoch ghníomhaíochtaí PRIMA arna gcistiú faoi Airteagal 3(1), pointe (a). Chun críoch a rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí PRIMA arna gcistiú faoi Airteagal 3(1), pointe (b), ní mheasfar iad a bheith ina Stáit Rannpháirteacha ach amháin faoi réir tabhairt i gcrích comhaontaithe, i bhfoirm malartú litreacha, lena leasaítear agus lena bhforlíontar na comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le comhar eolaíoch agus teicneolaíoch leis an Aontas agus ina leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha nua maidir lena rannpháirtíocht in PRIMA.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

'3. Aon Bhallstát agus aon tríú tír atá comhlachaithe le Fís 2020 nó le Fís Eorpach, seachas iad siúd atá liostaithe i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh siad páirt a ghlacadh in PRIMA ar choinníoll go gcomhlíonann siad an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 4(1), pointe (c) agus go gcomhlíonann siad, go háirithe, Airteagal 11(5). Síneoidh siad litir ghealltanais ina ndeimhnítear na téarmaí agus na coinníollacha maidir lena rannpháirtíocht in PRIMA i dtaca le Fís 2020 nó i dtaca le Fís Eorpach faoi seach.

Na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe le Fís 2020 nó le Fís Eorpach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír, measfar gur Stáit Rannpháirteacha iad chun críocha an Chinnidh seo.

4. Aon tríú tír nach bhfuil comhlachaithe le Fís 2020 ná le Fís Eorpach, seachas iad siúd atá liostaithe i mír 2, féadfaidh siad páirt a ghlacadh in PRIMA ar choinníoll:

(a) go gcomhlíonann siad an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 4(1), pointe (c) agus go gcomhlíonann siad, go háirithe, Airteagal 11(5);

(b) go bhformheasann an struchtúr cur chun feidhme le haghaidh PRIMA ('PRIMA-IS') a rannpháirtíocht in PRIMA tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar ábharthacht a rannpháirtíochta chun cuspóirí PRIMA a bhaint amach; agus

(c) go dtugann siad i gcrích comhaontú idirnáisiúnta maidir le comhar eolaíoch agus teicneolaíoch leis an Aontas ina leagtar amach na téarmaí agus na coinníollacha maidir lena rannpháirtíocht in PRIMA.

Tríú tíortha a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír, measfar gur Stáit Rannpháirteacha iad chun críocha an Chinnidh seo.';

---

[8] 25 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha do rannpháirtíocht agus do scaipeadh, lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1)

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Rannchuideoidh PRIMA le cuspóirí ginearálta agus sonracha Rialachán (AE) 2021/695 agus go háirithe Airteagal 3 de agus déanfaidh sé na cuspóirí ginearálta a bhaint amach, mar atá acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta a thógáil agus eolas agus réitigh nuálacha chomhchoiteanna a fhorbairt le haghaidh córais agraibhia chun iad a dhéanamh inbhuanaithe, agus le haghaidh soláthar agus bainistiú comhtháite uisce i limistéar na Meánmhara chun na córais sin, a mbainistíocht agus an soláthar a dhéanamh níos aeráid-díonaí, níos éifeachtúla, níos costéifeachtaí agus níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de, agus rannchuidiú le ganntanas uisce, slándáil bia, cothú, sláinte, folláine agus fadhbanna imirce a réiteach go réamhtheachtach.’ ;

(3) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Beidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais, lena n-áirítear leithreasuithe LEE, cothrom le ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach le PRIMA. Suas le EUR 325 000 000 a bheidh i ranníocaíocht an Aontais agus dáilfear í mar a leanas:

(a) suas le EUR 220 000 000 ó Fhís 2020;

(b) suas le EUR 105 000 000 ó Fhís Eorpach.

Féadfar méid na ranníocaíochta airgeadais ón Aontas ó Fhís Eorpach a mhéadú le ranníocaíochtaí ó thríú tíortha atá comhlachaithe le Fís Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 16(5) de Rialachán (AE) 2021/695 agus ar choinníoll go ndéanfar an méadú iomlán ar ranníocaíocht an Aontais a mheaitseáil ar a laghad leis an ranníocaíocht ó na Stáit Rannpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

2. I dtaca le ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) den Airteagal seo, íocfar í ó na leithreasuithe i mbuiséad ginearálta an Aontais a leithdháiltear ar na codanna ábhartha den chlár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís 2020, a bunaíodh le Cinneadh 2013/743/AE ón gComhairle, agus go háirithe ó Chuid II ‘Ceannaireacht thionsclaíoch’ agus ó Chuid III ‘Dúshláin shochaíocha’, i gcomhréir le hAirteagal 57 de Rialachán (AE) 2021/695 agus le hAirteagal 62(1), pointe (c)(vii) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.’;

b) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

‘2a. I dtaca le ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) den Airteagal seo, íocfar í ó na leithreasuithe i mbuiséad ginearálta an Aontais a leithdháiltear ar na codanna ábhartha den chlár sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach, a bunaíodh le Cinneadh 2021/764/AE ón gComhairle[9], agus go háirithe ó Cholún II ‘Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach’, braisle (vi) ‘Bia, an Bithgheilleagar, Acmhainní Nádúrtha, an Talmhaíocht agus an Comhshaol’, agus i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c)(vii) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.’ ;

[9] Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO L 167I, 12.5.2021, lch. 1).

(4) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (d):

ainmniú ag na Stáit Rannpháirteacha, nó ag eagraíochtaí arna n-ainmniú ag na Stáit Rannpháirteacha, ar eintitis ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach, dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c)(vii) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046, mar PRIMA-IS, a bheidh freagrach as PRIMA a chur chun feidhme go héifeachtúil, as ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) den Chinneadh seo, mar aon le ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach, i gcás inarb iomchuí, a fháil, a leithdháileadh agus faireachán a dhéanamh orthu, agus as a áirithiú go ndéanfar na gníomhaíochtaí uile is gá chun cuspóirí PRIMA a bhaint amach;

léiriú ag PRIMA-IS ar a inniúlacht PRIMA a chur chun feidhme, lena n-áirítear ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a fháil agus a leithdháileadh, agus faireachán a dhéanamh uirthi, faoi chuimsiú bhainistíocht indíreach bhuiséad an Aontais i gcomhréir le hAirteagail 62 agus 154 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.' ;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (c):

comhlíonadh na gceanglas tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 155 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ag PRIMA-IS;' ; ;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar chomhlíonadh na ngealltanas a thug na Stáit Rannpháirteacha agus, ***tar éis an mheasúnaithe sin,*** féadfaidh sé bearta iomchuí a dhéanamh, ▌ ***lena mbeidh Stáit Rannpháirteacha agus PRIMA-IS rannpháirteach de réir mar is gá, sula rachfar i muinín bearta dá bhforáiltear*** in Airteagal 9.';

(5) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh na Stáit Rannpháirteacha ranníocaíochtaí, nó socróidh siad go ndéanfaidh a gcomhlachtaí náisiúnta cistiúcháin ranníocaíochtaí, cibé acu ranníocaíochtaí airgeadais nó ranníocaíochtaí comhchineáil, EUR 325 000 000 ar a laghad, sa tréimhse idir an 7 Lúnasa 2017 agus an 31 Nollaig 2031.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Déanfar ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointí (a), (b) agus (c), a measfar gur ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach atá iontu, i ndiaidh an clár oibre bliantúil a ghlacadh. I gcás ina nglacfar an clár oibre bliantúil le linn na bliana tagartha dá dtagraítear in Airteagal 6(2), féadfar ranníocaíochtaí a dhéanfar ó 1 Eanáir na bliana sin a áireamh leis na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (c), a measfar gur ranníocaíochtaí de chuid na Stát Rannpháirteach iad a áirítear sa chlár oibre bliantúil. Mar sin féin, féadfar ranníocaíochtaí a dhéanfar tar éis an 7 Lúnasa 2017 a áireamh leis na ranníocaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (c), a measfar gur ranníocaíochtaí de chuid na Stát Rannpháirteach iad a áirítear sa chéad chlár oibre bliantúil.';

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

*Airteagal 6*

***Gníomhaíochtaí agus cur chun feidhme PRIMA***

'1. Tacóidh PRIMA le raon leathan gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, mar a thuairiscítear ina chlár oibre bliantúil, trí bhíthin an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí indíreacha de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus Rialachán (AE) 2021/695 arna gcistiú ag PRIMA-IS i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chinneadh seo, go príomha i bhfoirm deontas tar éis glaonna ar thograí trasnáisiúnta atá oscailte trédhearcach agus iomaíoch a eagróidh PRIMA-IS, lena n-áirítear:

(i) gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, chomh maith le gníomhaíochtaí nuálaíochta;

(ii) gníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta lena ndírítear ar scaipeadh agus ar fhor-rochtain chun PRIMA a chur chun cinn agus a thionchair a uasmhéadú;

(b) gníomhaíochtaí arna gcistiú ag na Stáit Rannpháirteacha gan ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a rannchuidíonn le cuspóirí PRIMA nó atá nasctha go díreach le glacadh na dtorthaí ó thionscadail faoi PRIMA agus arb éard atá iontu:

(i) gníomhaíochtaí a roghnaítear tar éis glaonna ar thograí trasnáisiúnta atá oscailte trédhearcach agus iomaíoch a eagróidh PRIMA-IS, arna mbainistiú ag na comhlachtaí náisiúnta cistiúcháin faoi chláir náisiúnta na Stát Rannpháirteach, lena soláthraítear tacaíocht airgeadais go príomha i bhfoirm deontas;

(ii) gníomhaíochtaí faoi chláir náisiúnta na Stát Rannpháirteach lena n-áirítear tionscadail thrasnáisiúnta.

2. Cuirfear PRIMA chun feidhme ar bhonn cláir oibre bhliantúla a chumhdaíonn gníomhaíochtaí atá le déanamh sa tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig i mbliain ar leith ('bliain tagartha'). Glacfaidh PRIMA-IS na cláir oibre bhliantúla faoin 31 Márta sa bhliain tagartha, tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún. Agus na cláir oibre bhliantúla á nglacadh, gníomhóidh PRIMA-IS agus an Coimisiún araon gan moill mhíchuí. Cuirfidh PRIMA-IS an clár oibre bliantúil ar fáil go poiblí.

3. Gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1, ní fhéadfar iad a sheoladh ach sa bhliain tagartha agus i ndiaidh ghlacadh chlár oibre bliantúil na bliana sin.

4. Má ghlactar an clár oibre bliantúil le linn na bliana tagartha, féadfar ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a úsáid chun costais riaracháin PRIMA-IS arna dtabhú ón 1 Eanáir den bhliain tagartha sin a aisíoc i gcomhréir leis an gclár oibre bliantúil. Mar sin féin, le ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1), féadfar costais riaracháin PRIMA-IS arna dtabhú ón 7 Lúnasa 2017 a aisíoc i gcomhréir leis an gcéad chlár oibre bliantúil.

5. Ní fhéadfar gníomhaíochtaí a chistiú faoi PRIMA ach amháin má leagtar amach iad sa chlár oibre bliantúil. Déanfar idirdhealú sa chlár oibre bliantúil idir na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) agus costais riaracháin PRIMA-IS. Déanfar foráil ann maidir lena meastacháin chomhfhreagracha ar chaiteachas agus maidir leis an leithdháileadh buiséid ar ghníomhaíochtaí arna gcistiú le ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus ar ghníomhaíochtaí a chistíonn na Stáit Rannpháirteacha gan

ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1). Áireofar sa chlár oibre bliantúil freisin luach measta ranníocaíochtaí comhchineáil na Stát Rannpháirteach dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5(2).

6. Cuirfear san áireamh i gcláir oibre bhliantúla le haghaidh bliain tagartha agus cláir oibre bhliantúla le haghaidh blianta tagartha ina dhiaidh sin torthaí na nglaonna ar thograí roimhe sin. Féachfaidh siad lena áirithiú go dtabharfar aghaidh ar chumhdach neamhleor ábhar eolaíoch, go háirithe ábhair ar tugadh aghaidh orthu ar dtús i ngníomhaíochtaí faoi mhír 1, pointe (b), nach rabhthas in ann a chistiú go leormhaith.

7. I dtaca leis na gníomhaíochtaí deiridh atá le cistiú, lena n-áirítear na glaonna deiridh ar thograí faoi na cláir oibre bhliantúla ábhartha, seolfar iad faoin 31 Nollaig 2027. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfar iad a sheoladh faoin 31 Nollaig 2028.

8. Gníomhaíochtaí atá le cistiú ag na Stáit Rannpháirteacha gan ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1), ní fhéadfar iad a áireamh sa chlár oibre bliantúil ach amháin tar éis toradh dearfach ar a meastóireacht neamhspleách sheachtrach trí athbhreithniú piaraí idirnáisiúnta maidir le cuspóirí PRIMA, arna eagrú ag PRIMA-IS.

9. Gníomhaíochtaí a áirítear sa chlár oibre bliantúil arna gcistiú ag na Stáit Rannpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 6(1), pointe (b), cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir leis na prionsabail choiteanna atá le glacadh ag PRIMA-IS, tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún. Cuirfear san áireamh sna prionsabail choiteanna na prionsabail a leagtar amach sa Chinneadh seo, i dTeideal VIII de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus i gCaibidil II de Rialachán (AE) 2021/695. Ina theannta sin, glacfaidh PRIMA-IS, tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún, ceanglais tuairiscithe na Stát Rannpháirteach do PRIMA-IS, lena n-áirítear maidir le táscairí a chuirtear isteach i ngach ceann de na gníomhaíochtaí sin.

10. Na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (b)(i), sa bhreis ar na prionsabail choiteanna dá dtagraítear i mír 9, comhlíonfaidh siad na coinníollacha seo a leanas:

(a) is le haghaidh tionscadail thrasnáisiúnta a bheidh na tograí, le rannpháirtíocht íosta de thrí eintiteas dhlítheanacha neamhspleácha ar a laghad atá bunaithe i dtrí thír éagsúla a mheastar a bheith ina Stáit Rannpháirteacha i gcomhréir leis an gCinneadh seo faoin sprioc-am chun tograí a chur isteach faoin nglao ábhartha ar thograí, lena n-áirítear:
   (i) eintiteas amháin ar a laghad atá bunaithe i mBallstát nó i dtríú tír atá comhlachaithe le Fís 2020 nó le Fís Eorpach faoi seach agus nach dtagann faoi phointe (ii); agus
   (ii) eintiteas amháin ar a laghad atá bunaithe i dtríú tír atá liostaithe in Airteagal 1(2), nó i dtríú tír a bhfuil teorainn aici leis an Meánmhuir;

(b) roghnófar na tograí tar éis glaonna trasnáisiúnta ar thograí agus déanfaidh triúr saineolaithe neamhspleácha ar a laghad meastóireacht orthu, ar bhonn na gcritéar dámhachtana seo a leanas: barr feabhais, tionchar, agus cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme;

(c) déanfar na tograí a rangú de réir na dtorthaí meastóireachta. Is é PRIMA-IS a dhéanfaidh an roghnú agus ba cheart an rangú sin a leanúint. Tiocfaidh na Stáit Rannpháirteacha ar chomhaontú maidir le modh cistiúcháin leordhóthanach lenar féidir uasmhéadú a dhéanamh ar an líon tograí os cionn na tairsí atá le cistiú ar bhonn

an rangaithe sin, go háirithe, trí mhéideanna cúlchiste a sholáthar do na ranníocaíochtaí náisiúnta le haghaidh glaonna ar thograí. I gcás nach féidir tionscadal amháin nó níos mó a chistiú, féadfar na tionscadail a leanann go díreach sa rangú a roghnú.

11. Déanfaidh PRIMA-IS faireachán ar chur chun feidhme gach gníomhaíochta a áirítear sa chlár oibre bliantúil agus déanfaidh sé é a thuairisciú don Choimisiúin gach bliain.

12. Aon teachtaireacht nó aon fhoilseachán a bhaineann le gníomhaíochtaí PRIMA, agus a dhéantar i gcomhar le PRIMA, cibé acu PRIMA-IS, Stát Rannpháirteach nó a chomhlachtaí náisiúnta cistiúcháin, nó rannpháirtithe le gníomhaíocht a dhéanann é, déanfar é a lipéadú nó a chomhlipéadú mar a leanas: is cuid de chlár PRIMA arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach é [ainm na gníomhaíochta].' ;

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

*Airteagal 7*

***Rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh***

'1. Measfar go mbeidh PRIMA-IS ina chomhlacht cistiúcháin de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus Airteagal 2(14) de Rialachán (AE) 2021/695 agus soláthróidh sé tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (a) den Chinneadh seo i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sna Rialacháin faoi seach agus faoi réir na maoluithe a leagtar amach san Airteagal seo.

2. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/695 agus de mhaolú ar Airteagal 9(1), pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013, agus ar Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2021/695, is éard a bheidh sa líon íosta rannpháirtithe trí eintiteas dhlítheanacha atá bunaithe i dtrí thír éagsúla a mheastar a bheith ina Stáit Rannpháirteacha faoin sprioc-am chun tograí a chur isteach faoin nglao ábhartha ar thograí, agus beidh ceann amháin díobh ar a laghad bunaithe:

(a) i mBallstát nó i dtríú tír atá comhlachaithe le Fís 2020 nó le Fís Eorpach faoi seach agus nach dtagann faoi phointe (b); agus

(b) i dtríú tír atá liostaithe in Airteagal 1(2), nó i dtríú tír a bhfuil teorainn aici leis an Meánmhuir.

3. De mhaolú ar Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus ar Airteagal 22(2) de Rialachán (AE) 2021/695, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo dá bhforáiltear sa chlár oibre bliantúil, is éard a bheidh sa choinníoll íosta rannpháirtíocht eintitis dhlítheanaigh amháin atá bunaithe i Stát Rannpháirteach faoin sprioc-am chun tograí a chur isteach faoin nglao ábhartha ar thograí.

4. De mhaolú ar Airteagal 10(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 agus ar Airteagal 23(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/695, beidh na rannpháirtithe seo a leanas incháilithe le haghaidh cistiú ó PRIMA-IS:

(a) aon eintiteas dlítheanach atá bunaithe i Stát Rannpháirteach nó a bunaíodh de bhun dhlí an Aontais;

(b) aon eagraíocht idirnáisiúnta um leas Eorpach, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (12) de Rialachán (AE) Uimh. 1290/2013 le haghaidh gníomhaíochtaí PRIMA

arna gcistiú faoi Airteagal 3(1), pointe (a) nó aon eagraíocht taighde Eorpach idirnáisiúnta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(15) de Rialachán (AE) 2021/695 le haghaidh gníomhaíochtaí PRIMA arna gcistiú faoi Airteagal 3(1), pointe (b).

5. I gcás eagraíochta idirnáisiúnta rannpháirtí nó eintiteas dhlítheanaigh rannpháirtigh atá bunaithe i dtír nach Stát Rannpháirteach í, nach bhfuil ceachtar acu incháilithe le haghaidh cistiúcháin i gcomhréir le mír 4, féadfar cistiú ó PRIMA-IS a dheonú ar choinníoll go gcomhlíonfar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) measann PRIMA-IS go bhfuil rannpháirtíocht na heagraíochta idirnáisiúnta nó an eintitis dhlítheanaigh lena mbaineann fíor-riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme;

(b) déantar foráil maidir le rannpháirtíocht na n-eintiteas sin sa chlár oibre bliantúil agus déantar foráil maidir le féidearthacht an chistithe sin faoi chomhaontú déthaobhach eolaíoch agus teicneolaíoch nó faoi aon socrú eile lena n-áirithítear cosaint leas airgeadais an Aontais, a thugtar i gcrích idir an tAontas agus an eagraíocht idirnáisiúnta nó, i gcás na n-eintiteas atá bunaithe i dtír nach Stát Rannpháirteach í, an tír ina bhfuil an t-eintiteas dlítheanach bunaithe.

6. Gan dochar do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, féadfar a leagan síos sa chomhaontú deontais samplach is infheidhme go soláthróidh eintitis dhlítheanacha atá bunaithe i dtíortha nach Stáit Rannpháirteacha iad agus a fhaigheann cistiú ó PRIMA-IS ráthaíochtaí airgeadais iomchuí freisin.

7. Tabharfaidh an tAontas comhaontuithe i gcrích le tríú tíortha a éascaíonn leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.' ;

(8) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Faoi réir measúnú ex-ante dearfach ar PRIMA-IS i gcomhréir le hAirteagal 154(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 agus ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais a sholáthar i gcomhréir le pointe 62(1), pointe (c)(vi) den Rialachán sin, tabharfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, comhaontú Comhpháirtíochta maidir le Creat Airgeadais agus comhaontuithe ranníocaíochta i gcrích le PRIMA-IS.' ;

(b) i mír 2, cuirtear an méid a leanas in ionad na chéad abairte:

‘ An comhaontú Comhpháirtíochta maidir le Creat Airgeadais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tabharfar i gcrích é i gcomhréir le hAirteagal 130 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.’;

(9) In Airteagal 9, cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

‘3. Cinneadh an Choimisiúin maidir le ranníocaíocht an Aontais a fhoirceannadh, a laghdú go comhréireach nó a chur ar fionraí, ní chuirfidh sé bac ar aisíocaíocht na gcostas incháilithe arna dtabhú cheana féin ag na Stáit Rannpháirteacha sula dtugtar fógra faoin gcinneadh do PRIMA IS.’;

(10) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh PRIMA-IS iniúchtaí ex-post ar chaiteachas ar ghníomhaíocht indíreach faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán sin.’;

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

‘1a. Déanfaidh PRIMA IS iniúchtaí ar chaiteachas ar ghníomhaíochtaí indíreacha faoi Rialachán (AE) 2021/695 i gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) 2021/695 mar chuid de ghníomhaíochtaí indíreacha an chláir Fís Eorpach, go háirithe i gcomhréir leis an straitéis iniúchóireachta dá dtagraítear in Airteagal 53(2) den Rialachán sin.’;

(11) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

‘3a. Tugtar de chumhacht d’Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[10], cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh mar a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán sin.’ ;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Gan dochar do mhír 1 go mír 3a, beidh i gconarthaí, i gcomhaontuithe deontais agus i gcinntí deontais a thiocfaidh as an gCinneadh seo a chur chun feidhme forálacha lena dtabharfar an chumhacht go sainráite don Choimisiún, do PRIMA-IS, don Chúirt Iniúchóirí, do OIPE agus do OLAF iniúchtaí agus imscrúduithe den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach. I gcás ina ndéanfar cur chun feidhme gníomhaíochta a sheachfhoinsiú nó a fho-tharmligean, ina iomláine nó i bpáirt, nó i gcás inar gá conradh soláthair nó tacaíocht airgeadais a dhámhachtain do thríú páirtí ina leith, beidh sa chonradh, sa chomhaontú deontais nó sa chinneadh deontais an oibleagáid atá ar an gconraitheoir nó ar an tairbhí ceangal a chur ar aon tríú páirtí lena mbaineann glacadh go follasach leis na cumhachtaí sin de chuid an Choimisiúin, PRIMA-IS, na Cúirte Iniúchóirí, OIPE

[10] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme ar bhunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1)

agus OLAF.’;

(c) cuirtear isteach an mhír 4a seo a leanas:
‘ 4a. Tabharfaidh PRIMA- IS rochtain do chúirt iniúchóirí náisiúnta gach Stáit Rannpháirtigh, arna iarraidh sin dóibh, ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le ranníocaíochtaí náisiúnta an Stáit Rannpháirtigh faoi seach, lena n-áirítear faisnéis i bhformáid leictreonach, a bheidh riachtanach chun a n-iniúchtaí a dhéanamh.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:
‘5. Agus PRIMA á chur chun feidhme, déanfaidh na Stáit Rannpháirteacha na bearta reachtacha, rialaitheacha, riaracháin agus eile is gá chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, go háirithe chun aisghabháil iomlán aon mhéid atá dlite don Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a áirithiú.’;

(12) cuirtear isteach an tAirteagal 11a seo a leanas:

*‘Airteagal 11a*

**Rochtain ar thorthaí agus faisnéis maidir le tograí**

1. Tabharfaidh PRIMA-IS rochtain don Choimisiún ar an bhfaisnéis uile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí indíreacha a chistíonn sé. Áireofar san fhaisnéis sin ranníocaíochtaí agus torthaí na dtairbhithe a bheidh rannpháirteach i ngníomhaíochtaí indíreacha nó aon fhaisnéis eile a mheastar a bheith riachtanach chun beartais nó cláir an Aontais, nó i gcás inarb infheidhme, na Stát Rannpháirteach a fhorbairt, a chur chun feidhme, a fhaire agus a mheas. ***Cuirfidh an Coimisiún faisnéis den sórt sin ar fáil do Pharlaimint na hEorpa i gcás ina dtagraíonn sé do ghníomhaíochtaí indíreacha lena n-áirítear tairbhithe atá bunaithe ina gcríocha faoi seach. Ní sholáthrófar rochtain den sórt sin ach amháin le haghaidh úsáid neamhthráchtála agus neamhiomaíoch agus beidh sí faoi réir na rialacha rúndachta is infheidhme.***

2. Chun beartais nó cláir an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme, a fhaire agus a mheas, soláthróidh PRIMA-IS don Choimisiún an fhaisnéis a áirítear i dtograí a chuirfear isteach. Beidh feidhm aige sin *mutatis mutandis* maidir le Stáit Rannpháirteacha i dtaca le tograí lena n-áirítear iarratasóirí atá bunaithe ina gcríocha féin.’;

(13) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 go 5:
‘2. Is é an Bord Iontaobhaithe a rialóidh PRIMA-IS, ina ndéantar ionadaíocht ar na Stáit Rannpháirteacha uile. Is é an Bord Iontaobhaithe comhlacht cinnteoireachta PRIMA-IS.

Tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún, glacfaidh an Bord Iontaobhaithe an méid seo a leanas:
(a) an clár oibre bliantúil;
(b) na prionsabail choiteanna dá dtagraítear in Airteagal 6(9);
(c) ceanglais tuairiscithe na Stát Rannpháirteach do PRIMA-IS.

Fíoróidh an Bord Iontaobhaithe go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus i bpointe (c) d’Airteagal 4(1) agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

Formheasfaidh an Bord Iontaobhaithe rannpháirtíocht aon tríú tír nach bhfuil comhlachaithe le Fís 2020 ná le Fís Eorpach in PRIMA, seachas iad siúd atá liostaithe in Airteagal 1(2), tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar ábharthacht a rannpháirtíochta chun cuspóirí PRIMA a bhaint amach.

Beidh vóta amháin ag gach Stát Rannpháirteach sa Bhord Iontaobhaithe. Is de chomhthoil a ghlacfar cinntí. I gcás nach bhfuil comhthoil ann, glacfaidh an Bord Iontaobhaithe a chinntí trí thromlach 75 % ar a laghad de na vótaí bailí a chaitear.

Iarrfar ar an Aontas, a ndéanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, freastal ar na cruinnithe uile den Bhord Iontaobhaithe i gcáil breathnóra, agus féadfaidh sé páirt a ghlacadh sa phlé. Gheobhaidh sé na doiciméid uile is gá.

3. Is é an Bord Iontaobhaithe a chinnfidh an líon comhaltaí den Choiste Stiúrtha, líon nach lú ná cúigear, agus is é a cheapfaidh iad. Déanfaidh an Coiste Stiúrtha faireachán ar obair an stiúrthóra agus cuirfidh sé comhairle ar an mBord Iontaobhaithe maidir le cur chun feidhme PRIMA ag an Rúnaíocht. Go háirithe, soláthróidh sé treoraíocht maidir le cur chun feidhme an bhuiséid bhliantúil agus maidir leis an gclár oibre bliantúil.

4. Bunóidh an Bord Iontaobhaithe Rúnaíocht PRIMA-IS mar chomhlacht feidhmiúcháin PRIMA.

Déanfaidh an Rúnaíocht an méid seo a leanas:

(a) an clár oibre bliantúil a chur chun feidhme;
(b) tacaíocht a sholáthar do chomhlachtaí eile PRIMA-IS;
(c) faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme PRIMA;
(d) ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) agus ranníocaíochtaí airgeadais na Stát Rannpháirteach a bhainistiú agus tuairisc a thabhairt ar a n-úsáid;
(e) infheictheacht PRIMA a mhéadú trí abhcóideacht agus trí chumarsáid;
(f) idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún i gcomhréir leis an gcomhaontú comhpháirtíochta maidir le creat airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8;
(g) trédhearcacht ghníomhaíochtaí PRIMA a áirithiú.

5. Ceapfaidh an Bord Iontaobhaithe Coiste Comhairleach Eolaíoch ar a mbeidh saineolaithe neamhspleácha a bhfuil clú agus cáil orthu, a bheidh inniúil i réimsí atá ábhartha do PRIMA. Bunóidh an Bord Iontaobhaithe an líon comhaltaí den Choiste Comhairleach Eolaíoch, agus na socruithe maidir lena gceapadh i gcomhréir le hAirteagal 49 de Rialachán (AE) 2021/695.';

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'*Airteagal 14*

**Faireachán agus Meastóireacht**

1. Déanfar faireachán leanúnach ar ghníomhaíochtaí***, éifeachtúlacht agus trédhearcacht*** PRIMA***, chomh maith leis an meastóireacht ar na rátaí ratha,*** agus beidh siad faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla chun an tionchar is airde, barr feabhais eolaíoch agus an

úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní a áirithiú. Cuirfear toradh an fhaireacháin agus na n-athbhreithnithe tréimhsiúla leis an bhfaireachán ar chomhpháirtíochtaí Eorpacha mar chuid de mheastóireachtaí an chláir Fís Eorpach, de bhun Airteagail 50 agus 52 de Rialachán (AE) 2021/695.

2. Eagróidh PRIMA-IS an faireachán leanúnach agus an tuairisciú ar bhainistiú agus ar chur chun feidhme a ngníomhaíochtaí agus na hathbhreithnithe tréimhsiúla ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair na ngníomhaíochtaí indíreacha cistithe arna gcur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 50 de Rialachán (AE) 2021/695 agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht eatramhach ***ar PRIMA faoin 31 Nollaig 2025*** agus meastóireacht deiridh ▌ ***faoin 31 Nollaig 2031*** faoi chuimsiú mheastóireachtaí Fís Eorpach, ***agus déanfaidh sé meastóireachtaí comhfhreagracha ar na gníomhaíochtaí sin arna ndéanamh faoi chuimsiú Fís 2020*** i gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (AE) 2021/695, le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha seachtracha a roghnófar ar bhonn próiseas oscailte trédhearcach.

4. Sna meastóireachtaí eatramhacha agus deiridh dá dtagraítear i mír 3, ***déanfar rátaí ratha agus rátaí ionsúcháin na Stát Rannpháirteach sa Mheánmhuir Theas, chomh maith leis*** an gcaoi a gcomhlíonann PRIMA a mhisean agus a chuspóirí, cumhdófar gach gníomhaíocht dá chuid agus déanfar meastóireacht ar a bhreisluach AE, ar a éifeachtacht, ar a éifeachtúlacht, lena n-áirítear a oscailteacht agus a thrédhearcacht, ar ábharthacht na ngníomhaíochtaí a shaothraítear, lena n-áirítear sa tionscal, ag FBManna, ***ENRanna agus an tsochaí shibhialta,*** agus a gcomhsheasmhacht agus a gcomhlántacht le beartais ábhartha réigiúnacha, náisiúnta agus de chuid an Aontais, lena n-áirítear sineirgí le codanna eile de Fís Eorpach, amhail comhpháirtíochtaí eile, misin, braislí agus cláir théamacha nó shonracha. Cuirfear san áireamh sna meastóireachtaí tuairimí na ngeallsealbhóirí ***ábhartha uile***, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Áireofar leo, i gcás inarb ábhartha, measúnú ar an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le haghaidh aon ghnímh sa todhchaí, chomh maith le hábharthacht agus comhleanúnachas aon athnuachan a fhéadfar a dhéanamh ar PRIMA, i bhfianaise na dtosaíochtaí beartais foriomlán agus an tírdhreach tacaíochta taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear an suíomh i gcomparáid le tionscnaimh eile a dtacaítear leo trí Fís Eorpach. Agus na meastóireachtaí sin á ndéanamh aige, déanfaidh an Coimisiún breithniú iomlán ar an tionchar riaracháin ar PRIMA agus féachfaidh sé leis an ualach riaracháin a laghdú agus lena áirithiú go gcoimeádfar an próiseas meastóireachta simplí agus iomlán trédhearcach.

5. Foilseoidh an Coimisiún torthaí agus conclúidí na meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 3 agus scaipfidh sé iad.' ;

(15) cuirtear an tAirteagal 14a, an tAirteagal 14b agus an tAirteagal 14c seo a leanas isteach:

*'Airteagal 14a*

**Rúndacht**

Gan dochar d'Airteagal 11a, áiritheoidh PRIMA-IS go dtabharfar cosaint d'fhaisnéis

rúnda, a bhféadfadh nochtadh na faisnéise sin, lasmuigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, damáiste a dhéanamh do leasanna PRIMA-IS, a chomhaltaí nó na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí PRIMA. Áireofar le faisnéis rúnda den sórt sin faisnéis phearsanta, faisnéis tráchtála, faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe agus faisnéis rúnaicmithe.

*Airteagal 14b*

**Coinbhleachtaí leasa**

1. Seachnóidh PRIMA-IS, a chomhlachtaí, a chomhaltaí agus a fhoireann aon choinbhleacht leasa agus iad i mbun a ngníomhaíochtaí.

2. Glacfaidh PRIMA-IS rialacha lena ndéanfar cosc, seachaint agus bainistíocht ar choinbhleachtaí leasa i dtaca lena fhoireann, leis na comhaltaí agus le daoine eile atá ag fónamh in aon cheann dá chomhlachtaí nó grúpaí de chuid PRIMA-IS, i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

3. Bunóidh PRIMA-IS cód iompair do chomhaltaí a chomhlachtaí, ina n-áireofar foilsiú na ndearbhuithe maidir le gníomhaíochtaí gairmiúla, leasanna airgeadais agus coinbhleachtaí leasa i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí.

*Airteagal 14c*

**Bearta, gníomhaíochtaí agus gealltanais atá ar siúl faoi láthair**

Bearta nó gníomhaíochtaí PRIMA-IS nó gealltanais na Stát Rannpháirteach dá dtagraítear sa Chinneadh seo arna dtionscnamh nó arna ndéanamh faoi Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013, leanfaidh siad de bheith faoi rialú ag forálacha an Rialacháin sin ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt sa Chinneadh seo.'.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/sa ▌,

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá an tionscnamh Eora-Mheánmhara PRIMA (an Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara) á chur chun cinn go comhpháirteach ag an gCoimisiún Eorpach agus ag 19 dtír sa limistéar Eora-Mheánmhara, ar Ballstáit den Aontas 11 díobh.

Tá tábhacht shuntasach gheostraitéiseach ag PRIMA don Aontas Eorpach ina iomláine. Cé go gcuirtear an clár chun feidhme go heisiach i gcomharsanacht na Meánmhara, agus go bhféadfadh an chuma a bheith ar an scéal nach bhfuil inti ach uirlis réigiúnach amháin, san am céanna, freastalaíonn sé ar thosaíochtaí geopholaitiúla a bhfuil leas comhchoiteann agus práinn ag baint leo do na Ballstáit uile.

Trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail ganntanas uisce agus neamhshlándáil bia i gComharsanacht an Deiscirt, tá sé beartaithe aige gníomhú mar uirlis taidhleoireachta eolaíochta agus díriú ar bhunchúiseanna na héigeandála imirce, a bhfuil méadú ag teacht ar a dtionchar thar theorainneacha Bhallstáit an Deiscirt.

Aontaíonn an Rapóirtéir, dá bhrí sin, leis an togra ón gCoimisiún chun an fhéidearthacht ballraíocht a fháil a choinneáil ar oscailt freisin do Bhallstáit nach bhfuil páirteach sa chlár go fóill.

Ní mór comhlántacht a áirithiú freisin idir PRIMA agus ionstraimí comhair agus tionscnaimh eile de chuid an Aontais atá ann cheana (amhail an Ionstraim nua um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta a tháinig i bhfeidhm in 2021 a thiocfaidh in ionad na hIonstraime Eorpaí um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht), chun forluí agus dúbláil a sheachaint agus gníomhaíochtaí an chláir á gcur chun feidhme.

Tá sé beartaithe leis an dréacht-tuarascáil a thíolaic an Rapóirtéir nach gcuirfí chun feidhme ach líon teoranta athruithe ar an togra ón gCoimisiún.

De réir na tuarascála meastóireachta eatramhaí,[11] d'éirigh leis an gclár PRIMA a bhreisluach do bheartais chomhair Eorpacha a chruthú. Idir 2018 agus 2022, mhaoinigh PRIMA 202 thionscadal (lena n-áirítear soláthar uisce, feirmeoireacht agus agraibhia), ar fiú 285.7 milliún san iomlán iad.[12]

Dá bhrí sin, creideann an Rapóirtéir nár cheart athruithe a theorannú ach don mhéid atá fíor-riachtanach chun go mbeifear in ann leanúint ar aghaidh leis an gclár a luaithe is féidir.

I bhfianaise na mbreithnithe sin, aontaíonn an Rapóirtéir freisin le cur chuige an Choimisiúin gan raon feidhme na hionstraime a leathnú.

Baineann na hathruithe atá beartaithe leis na réimsí seo a leanas den chuid is mó.

Ar an gcéad dul síos, measann an Rapóirtéir gur gá na tagarmharcanna meastóireachta a

[11] Meastóireacht Eatramhach ar an gComhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA), COM(2023) 285 final

[12] Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach

thuairiscítear in Airteagal 14 a leasú. De réir an togra ón gCoimisiún, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht eatramhach agus meastóireacht deiridh ar PRIMA faoi chuimsiú mheastóireachtaí an chláir Fís Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (AE) 2021/695. Mar sin féin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a dhéantar faoi chuimsiú an chláir Fís 2020 de réir chaighdeáin mheastóireachta an chláir Fís 2020.

Ar an dara dul síos, ba cheart rochtain ar fhaisnéis a neartú do Pharlaimint na hEorpa. Cé go n-áirithítear formhaoirseacht Pharlaiminteach cheana féin trí shreabhadh na dtorthaí faireacháin agus na n-athbhreithnithe tréimhsiúla ar an bhfaireachán ar chomhpháirtíochtaí Eorpacha, mar chuid de mheastóireachtaí an chláir Fís Eorpach de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) 2021/695, creideann an Rapóirtéir gur cheart do PRIMA-IS rochtain a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa freisin ar an bhfaisnéis uile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí indíreacha a chistíonn sí. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis sin ranníocaíochtaí agus torthaí na dtairbhithe a bheidh rannpháirteach i ngníomhaíochtaí indíreacha nó aon fhaisnéis eile a mheastar a bheith riachtanach chun beartais nó cláir an Aontais, nó i gcás inarb infheidhme, na Stát Rannpháirteach a fhorbairt, a chur chun feidhme, a fhaire agus a mheas.

Baineann pointe idirghabhála eile le cumhachtaí an Choimisiúin a thuairiscítear in Airteagal 4, mír 3, i gcás ina measann an Rapóirtéir go bhfuil an tAirteagal nua atá beartaithe doiléir maidir le cineál, raon feidhme agus méid na mbeart thuasluaite.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuarascáil á hullmhú acu, go dtí gur glacadh sa choiste í:

| **Entity and/or person** |
|---|
| Permanent Representation of Italy to the European Union |
| Prof. Angelo Riccaboni, Chair of the Board of Trustees |

Rinneadh an liosta seo thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | Cinneadh Leasaitheach (AE) 2017/1324 a mhéid a bhaineann le leanúint de rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) faoin gclár Fís Eorpach | | | |
| **Tagairtí** | COM(2023)0359 – C9-0213/2023 – 2023/0207(COD) | | | |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 28.6.2023 | | | |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>11.9.2023 | | | |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>11.9.2023 | DEVE<br>11.9.2023 | BUDG<br>11.9.2023 | ENVI<br>11.9.2023 |
| | LIBE<br>11.9.2023 | | | |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | AFET<br>18.7.2023 | DEVE<br>20.9.2023 | BUDG<br>19.7.2023 | ENVI<br>17.7.2023 |
| | LIBE<br>13.7.2023 | | | |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Paolo Borchia<br>24.7.2023 | | | |
| **Pléite sa choiste** | 12.10.2023 | | | |
| **Dáta an ghlactha** | 28.11.2023 | | | |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: | 51<br>2<br>2 | | |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nicola Beer, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Paolo Borchia, Marc Botenga, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Ignazio Corrao, Beatrice Covassi, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Valter Flego, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Robert Hajšel, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski, Georg Mayer, Marina Mesure, Iskra Mihaylova, Angelika Niebler, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Mikuláš Peksa, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Clara Ponsatí Obiols, Robert Roos, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Riho Terras, Patrizia Toia, Henna Virkkunen, Pernille Weiss | | | |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pascal Arimont, Franc Bogovič, Damien Carême, Matthias Ecke, Marian-Jean Marinescu, Alin Mituța, Jutta Paulus, Massimiliano Salini, Ernő Schaller-Baross | | | |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Francesca Donato, Peter Jahr, Virginie Joron, Ljudmila Novak, Milan Zver | | | |
| **Dáta don chur síos** | 29.11.2023 | | | |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 51 | + |
|---|---|
| ECR | Izabela-Helena Kloc, Zdzisław Krasnodębski |
| ID | Paolo Borchia, Virginie Joron, Georg Mayer |
| NI | Francesca Donato, Clara Ponsatí Obiols, Ernő Schaller-Baross |
| PPE | Pascal Arimont, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Franc Bogovič, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Peter Jahr, Marian-Jean Marinescu, Angelika Niebler, Ljudmila Novak, Massimiliano Salini, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Riho Terras, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Milan Zver |
| Renew | Nicola Beer, Nicola Danti, Valter Flego, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Iskra Mihaylova, Alin Mituța, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen |
| S&D | Beatrice Covassi, Josianne Cutajar, Matthias Ecke, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Romana Jerković, Tsvetelina Penkova, Patrizia Toia |
| Verts/ALE | Damien Carême, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Jutta Paulus, Mikuláš Peksa |

| 2 | - |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen, Robert Roos |

| 2 | 0 |
|---|---|
| The Left | Marc Botenga, Marina Mesure |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh